2025/1131

4.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1131 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Márta 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí i dtaca le maolú ar an athrú aeráide agus lena dtugtar isteach aicmiú críoch comhshaoil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is struchtúr bunaithe ar mhodúil atá ag na cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, agus go háirithe modúil maidir le cuntais ar chaiteachas i leith chosaint an chomhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, an earnáil um earraí agus seirbhísí comhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus fóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe comhchosúla a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII i gcás ina bhfuil sonraí le tuairisciú i gcomhréir leis na haicmithe a chuirtear i bhfeidhm i gcuntais chomhshaoil.

(2) Is foinse staidrimh ilchuspóireach iad cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil lena soláthraítear sonraí le haghaidh bheartais an Aontais maidir leis an gcomhshaol, maidir le gníomhú ar son na haeráide agus maidir le hinbhuanaitheacht, go háirithe faisnéis ar leithligh a nochtadh faoin athrú aeráide, faoin truailliú nialasach agus faoin ngeilleagar ciorclach (dramhaíl), faoi chosaint ithreach agus faoi thorann.

(3) Tá maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear infheistíochtaí gaolmhara, fíor-riachtanach chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Dá bhrí sin, ba cheart saintréithe a bhaineann le hinfheistíochtaí eile maidir le maolú ar an athrú aeráide a chur san áireamh sna cuntais Eorpacha chomhshaoil. Ba cheart na sonraí sin gach earnáil agus gníomhaíocht den gheilleagar a chumhdach. Ba cheart na sonraí sin a mhiondealú de réir Ballstáit agus ba cheart iad gach earnáil den gheilleagar atá ábhartha i dtaobh maolú ar an athrú aeráide a chumhdach.

(4) Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 an choimre tháscach d'earraí agus seirbhísí comhshaoil agus de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Gníomhaíochtaí maolaithe ar an athrú aeráide agus táirgí gaolmhara, mar a shainmhínítear iad ar bhonn chatagóirí comhshaoil, tá siad san áireamh sa choimre tháscach go páirteach agus is gá iad a chomhlánú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann astaíochtaí ísealcharbóin.

(5) Le linn an 55ú seisiún de chuid Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra 2024, d'fhormhuinigh sé (CEP) mar aicmithe staidrimh idirnáisiúnta agus mhol sé é a chur i bhfine idirnáisiúnta na n-aicmithe.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní IV, V agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 192, 22.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/691/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, leasaítear Roinn 5 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

'— grúpaí den aicmiú críoch comhshaoil (CEP) agus iad grúpáilte mar a leanas:

— CEP 01 — Aer agus aeráid;

— CEP 0301 — Bainistiú fuíolluisce;

— CEP 0401 — Bainistiú dramhaíola;

— CEP 0501 — Cosaint ithreach, uisce dromchla agus screamhuisce;

— CEP 0502 — Cosaint na bithéagsúlachta agus na dtírdhreach;

— CEP 06 — Torann agus radaíocht;

— Suim CEP 0701, CEP 0703, CEP 0705, CEP 0707, CEP 0709 — T&F maidir le hastaíochtaí aeir a laghdú agus a rialú, bainistiú fuíolluisce, bainistiú dramhaíola, ithir, dromchla, screamhuisce agus bithéagsúlacht agus torann agus radaíocht.';

(b) scriostar pointe (2).

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3:

'Roinn 3

AN LIOSTA SAINTRÉITHE

Soláthróidh na Ballstáit staidreamh maidir leis an earnáil um earraí agus seirbhísí comhshaoil de réir na saintréithe seo a leanas:

— aschur na hearnála um earraí agus seirbhísí comhshaoil ina hiomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh,

— onnmhairí na hearnála um earraí agus seirbhísí comhshaoil ina hiomláine,

— breisluach na hearnála um earraí agus seirbhísí comhshaoil ina hiomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh,

— fostaíocht san earnáil um earraí agus seirbhísí comhshaoil ina hiomláine agus na ngníomhaíochtaí margaidh,

— ollfhoirmiú caipitil sheasta le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe ar an athrú aeráide, arna miondealú de réir corparáidí, rialtas agus teaghlach in éineacht le hinstitiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFT),

— ollfhoirmiú caipitil sheasta le haghaidh táirgí lena maolaítear an t-athrú aeráide, nach bhfuil san áireamh cheana féin in ollfhoirmiú caipitil sheasta le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe ar an athrú aeráide, arna miondealú de réir corparáidí, rialtas agus teaghlach in éineacht le INBFT,

— tomhaltas deiridh táirgí lena maolaítear an t-athrú aeráide, arna mhiondealú de réir rialtais agus teaghlach in éineacht le INBFT.

Tuairisceofar na sonraí uile i milliúin san airgeadra náisiúnta, seachas an tsaintréith 'fostaíocht', a mbeidh an t-aonad tuairiscithe 'coibhéis lánaimseartha' ann ina leith'.;

(b) leasaítear Roinn 5 mar a leanas:

(i) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

'— grúpaí den aicmiú críoch comhshaoil (CEP) agus iad grúpáilte mar a leanas:

— CEP 01 — Aer agus aeráid;

— CEP 0201 — Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;

— CEP 0202 — Coigilt agus bainistiú fuinnimh;

— CEP 0301 — Bainistiú fuíolluisce;

— CEP 0302 — Coigilteas uisce agus bainistiú acmhainní uisce nádúrtha;

— CEP 0401 — Bainistiú dramhaíola;

— CEP 0402 — Aisghabháil agus coigilteas ábhar;

— CEP 0501 — Cosaint ithreach, uisce dromchla agus screamhuisce;

— CEP 0502 — Cosaint na bithéagsúlachta agus na dtírdhreach;

— CEP 0503 — Bainistiú acmhainní foraoise;

— CEP 06 — Torann agus radaíocht;

— Suim CEP 0701, CEP 0703, CEP 0705, CEP 0707, CEP 0709 — T&F maidir le hastaíochtaí aeir a laghdú agus a rialú, bainistiú fuíolluisce, bainistiú dramhaíola, ithir, dromchla, screamhuisce agus bithéagsúlacht agus torann agus radaíocht;

— Suim CEP 0702, CEP 0704, CEP 0706, CEP 0708 – T&F le haghaidh fuinnimh, bainistiú acmhainní uisce, aisghabháil agus coigilteas ábhar agus bainistiú foraoise;

— CEP 08 — Críocha trasghearrtha agus comhshaoil eile.';

(ii) scriostar pointe 2;

(3) in Iarscríbhinn VIII, leasaítear Roinn 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

'2. I gcás gach ceann de na catagóirí tuairiscithe dá dtagraítear i bpointe 1, tuairisceofar sonraí de réir grúpaí an aicmithe críoch comhshaoil (CEP) agus iad grúpáilte mar a leanas:

— CEP 01 — Aer agus aeráid;

— CEP 0201 — Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;

— CEP 0202 — Coigilt agus bainistiú fuinnimh;

— CEP 0301 — Bainistiú fuíolluisce;

— CEP 0302 — Coigilteas uisce agus bainistiú acmhainní uisce nádúrtha;

— CEP 0401 — Bainistiú dramhaíola;

— CEP 0402 — Aisghabháil agus coigilteas ábhar;

— CEP 0501 — Cosaint ithreach, uisce dromchla agus screamhuisce;

— CEP 0502 — Cosaint na bithéagsúlachta agus na dtírdhreach;

— CEP 0503 — Bainistiú acmhainní foraoise;

— CEP 06 — Torann agus radaíocht;

— Suim CEP 0701, CEP 0703, CEP 0705, CEP 0707, CEP 0709 — T&F maidir le hastaíochtaí aeir a laghdú agus a rialú, bainistiú fuíolluisce, bainistiú dramhaíola, ithir, dromchla, screamhuisce agus bithéagsúlacht agus torann agus radaíocht;

— Suim CEP 0702, CEP 0704, CEP 0706, CEP 0708 – T&F le haghaidh fuinnimh, bainistiú acmhainní uisce, aisghabháil agus coigilteas ábhar agus bainistiú foraoise;

— CEP 08 — Críocha trasghearrtha agus comhshaoil eile.'.

(b) I bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Déanfar aistrithe is infhaighte ag corparáidí ón rialtas ginearálta agus iad grúpáilte de réir shuim rannáin uile CEP (CEP 01-08) a ghrúpáil a thuilleadh de réir aicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Rev. 2 mar a leanas:'

(c) scriostar pointe 4.